



**Inis d'Ainm agus
Athraigh Áit!**



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

1. Déan ciorcal leis na páistí ag úsáid an pharaisiúit.
2. Nuair atá gach páiste ag coinneáil greim ar an bparaisiút pioc amach beirt pháistí atá ag seasamh os comhair a chéile.
3. Caithfidh an bheirt atá roghnaithe agat iad féin a chur in aithne do gach duine agus ansin áiteanna a mhalartú.
4. Déan é seo go dtí go bhfaighidh gach páiste deis iad féin a chur in aithne agus áiteanna a mhalartú le páiste eile.



Cluiche Cuimhne an Paraisiút



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

1. Déan ciorcal timpeall ar an bparaisiút leis na páistí. Ansin beir greim ar an bparaisiút.

2. Ag úsáid na ngluaiseachtaí seo a leanas - siúil, rith, léim, stop, lámha suas agus síos, siúil isteach agus amach, timpeall, agus suigh síos – tá tú chun cluiche cuimhne a imirt leis na páistí.


3. Déan na gluaisreachtaí thuas in aon ord is mian leat. Ansin iarr ar na páistí na gluaisreachtaí sin a dhéanamh arís san ord céanna.

4. Déan é seo cúpla uair ag fáil níos sciobtha gach babhta.





Cá Bhfuil an Dath Ceart?

1. Déan dhá nó trí ghrúpa (ag brath ar an méid páistí atá ann) leis na páistí agus tabhair dath do gach grúpa.
2. Tóg amach na naisc dhaite agus na málaí daite agus i lár an urláir cuir na naisc i bhfolach faoi na málaí daite.
3. Ansin, caithfidh na grúpaí na naisc chearta a aimsiú, mar shampla, caithfidh an grúpa buí na nasc buí a aimsiú.
4. Tá cúpla riail sa chluiche seo: duine amháin ag an am ó gach grúpa atá i gceist, má phiocann tú an mála daite ceart agus tá do dhath faoi caithfidh tú an mála daite a chaitheamh amach ar an taobh agus an nasc a thabhairt ar ais go dtí do ghrúpa, agus mura bhfuil an dath ceart faighte agat caithfidh tú an nasc a chlúdach leis an mála daite arís.
5. Déan é seo go dtí go bhfuil na naisc ar fad faighte ag na páistí.




Rása an tSlabhra Dhaite

1. Déan dhá nó trí ghrúpa (ag brath ar an méid páistí atá ann) leis na páistí agus tabhair dath do gach grúpa.
2. Tóg amach na naisc dhaite agus leag síos iad i lár an urláir.
3. Caithfidh na grúpaí na naisc chearta a bhailiú ó lár an urláir agus iad a thabhairt ar ais go dtí an grúpa.
4. Seo iad rialacha an chluiche seo: duine amháin ag an am ó gach grúpa atá i gceist, caithfidh tú bosa in airde (high-five) a thabhairt don chéad duine eile i do ghrúpa ansin is féidir leo dul isteach sa lár, agus níl cead ach nasc amháin a phiocadh suas ag an am.
5. Nuair atá na naisc ar fad acu, caithfidh siad slabhra a dhéanamh amach as na naisc. Is féidir rás a dhéanamh as seo.



Bogadh agus
Stopadh!

1. Déan líne leis na páistí ag seasamh i líne taobh thiar dá chéile.
2. Leag síos dhá chón cúpla méadar óna chéile i líne dhíreach.
3. Idir an dá chón leag síos an dísle leis na gluaiseachtaí agus an gnáth dhísle in aice lena chéile.
4. Caithfidh na páistí dul ón gcéad chón go dtí an dara cón. Nuair a thagann siad chomh fada leis an lár caithfidh siad an dá dhísle a chaitheamh suas agus cibé taobh den dísle atá os a gcomhair caithfidh siad an ghluaiseacht sin a dhéanamh cibé cé mhéid uair atá ar an dísle; mar shampla - faigheann siad 'léim' ar an dísle gluaiseachtaí agus '3' ar an ngnáth-dísle, caithfidh siad 3 léim a dhéanamh.
5. Nuair atá sé sin déanta acu is féidir leo dul go dtí an dara cón agus fanacht ann go dtí go mbeidh gach duine críochnaithe.
6. Is féidir leat dhá ghrúpa a dhéanamh don chluiche seo freisin agus rása a dhéanamh as.



Na Soilse Tráchta Aclaíochta

1. Abair leis na páistí scaipeadh amach ar fud an tseomra/chlóis.

2. Tóg amach na cóin agus téigh trí bhrí gach dath leis na páistí;

cón dearg = stop,

cón gorm = siúil,

cón buí = rith,

cón oráiste = léim agus

cón bán = suigh síos.

Is féidir do chuid gluaiseachtaí féin a úsáid anseo freisin.

3. Nuair a ardaíonn tú suas na cóin caithfidh na páistí an ghluaiseacht sin a dhéanamh.

Déan é seo go dtí go mbeidh gach gluaiseacht déanta acu cúpla uair.



Bog ó
A go dtí B!



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

1. Déan líne dhíreach leis na páistí agus ar gach aon taobh den líne leag síos cón.
2. Tóg amach na málaí daite agus leag síos iad ag an gcéad chón.
3. Caithfidh na páistí na málaí daite a bhogadh ón gcéad chón go dtí an dara cón.
4. Seo iad rialacha an chluiche seo: caithfidh gach mála dul síos ó pháiste go páiste sa líne le déanamh cinnte go bhfuil gach duine ag fáil greim ar an mála daite, níl cead ach mála daite amháin a bhogadh ag an am, agus níl cead ag an gcéad pháiste sa líne mála daite eile a phiocadh suas go dtí go bhfuil an chéad mhála leagtha síos ag an dara cón.
5. Is féidir an cluiche seo a dhéanamh níos deacra tar éis gach babhta, mar shampla, abair leis na páistí a lámh lag a úsáid nó lámh amháin a úsáid leis an gceann eile taobh thiar dá ndroim.
6. Freisin, is féidir dhá ghrúpa a dhéanamh leis na páistí agus rása a dhéanamh as.



Na Málaí Ceoil



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

1. Abair leis na páistí scaipeadh amach ar fud an tseomra/chlóis.
2. Tabhair mála daite do gach páiste agus abair leo iad a fhágáil áit éigin ar an urlár.
3. Ansin, cuir aon sórt ceoil ar siúl agus abair leis na páistí bogadh timpeall nó damhsa nuair atá an ceol ar siúl.
4. Nuair a stopann an ceol caithfidh na páistí na málaí daite a phiocadh suas. Nuair a thosaíonn an ceol arís leag síos arís iad.
5. Tá tú chun mála daite a thógáil amach as tar éis gach babhta. Beidh an páiste atá fágtha gan aon mhála amuigh as an gcluiche. Déan é seo go dtí go mbeidh páiste amháin fágtha ag an deireadh.